Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**13645/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0397 (COD)**

**SOC 679**
**EMPL 520**
**CODEC 1680**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13139/17 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15642/16 + ADD 1 - ADD 8 - COM(2016) 815 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme (Téacs atá ábhartha maidir le LEE agus leis an Eilvéis) - Cur chuige ginearálta páirteach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis seo téacs an chur chuige ghinearálta pháirtigh maidir leis an Treoir thuasluaite, a chomhaontaigh Comhairle EPSCO ag an 3569ú cruinniú a bhí aici ar an 23 Deireadh Fómhair 2017.

---

**Forálacha sa togra a bhaineann leis an méid a leanas: *Cóir chomhionann agus rochtain ar shochair shóisialta***
**Rialachán (CE) Uimh. 883/2004**

### Aithris 2

Ní fhorálann an Conradh do chumhachtaí seachas cumhachtaí Airteagal 308 chun bearta iomchuí a ghlacadh i réimse na slándála sóisialta do dhaoine seachas daoine fostaithe.

### Aithris 2a

Le hAirteagal 45 agus le hAirteagal 48 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, áirithítear saoirse gluaiseacht d'oibrithe lena ndíothófar aon idirdhealú de bhíthin a náisiúntachta agus déantar foráil do ghlacadh na mbeart is gá i réimse na slándála sóisialta chun an tsaoirse sin a áirithiú. Chomh maith leis sin, faoi Airteagal 21 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá an ceart ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí agus sna forálacha arna nglacadh lena gcur chun feidhme.

### Aithris 5

Ní mór, faoi chuimsiú comhordú den chineál sin, cóir chomhionann san Aontas a ráthú faoi na reachtaíochtaí náisiúnta éagsúla do na daoine lena mbaineann.

### Aithris 5(-a)

Agus prionsabal na córa comhionainne dá bhforáiltear sa Rialachán seo á fheidhmiú, ní mór cásdlí na Cúirte a urramú. Thug an Chúirt léiriú ar an bprionsabal sin agus ar an gcaidreamh atá idir an Rialachán seo agus Treoir 2004/38/CE sna breithiúnais a thug sí sna cásanna a bhí ann le déanaí: C-140/12 Brey, C-333/13 Dano, C-67/14 Alimanovic, C-299/14 Garcia-Nieto agus C-308/14 an Coimisiún v an Ríocht Aontaithe.

**Aithris 5a**

**Aithris 5b**

**Aithris 5c**

**Aithris 47**

Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

**Aithris 48**

**Airteagal 4**
**Cóir Chomhionann**

Mura bhforáiltear a mhalairt faoin Rialachán seo, na daoine a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo, beidh na sochair chéanna acu agus na hoibleagáidí céanna orthu faoi reachtaíocht aon Bhallstáit le náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

**<u>IARSCRÍBHINN II</u>**

**<u>Forálacha sa togra a bhaineann leis an méid a leanas: *An reachtaíocht is infheidhme* Rialachán (CE) Uimh. 883/2004</u>**

**Aithris 18b**

In Iarscríbhinn III, Fochuid FTL a ghabhann le Rialachán (AE) 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2016/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna leasú ag Rialachán (AE) Uimh. 83/2014/AE ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2016/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déantar an coincheap 'bunáit' do bhaill den fhoireann eitilte agus den fhoireann chábáin a shainmhíniú mar an suíomh, arna shannadh ag an oibreoir don bhall foirne, ar gnách don bhall foirne tréimhse dualgais nó sraith de thréimhsí dualgais a thosú agus a chríochnú ann agus nach freagrach, sna gnáthchúinsí, an t-oibreoir as cóiríocht an bhaill foirne lena mbaineann ann.

**Airteagal 11**
**Rialacha ginearálta**

5. Maidir le gníomhaíocht mar bhall den fhoireann eitilte nó den fhoireann chábáin a dhéanann seirbhísí d'aerphaisinéirí nó seirbhísí aerlasta, measfar gur gníomhaíocht í a shaothraítear sa Bhallstát ina mbeidh an bhunáit lonnaithe, mar a shainmhínítear í in Iarscríbhinn III, Fochuid FTL a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 83/2014/AE ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2014.

## Airteagal 12
## Rialacha speisialta

1. Duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe i mBallstát thar ceann fostóir ar gnách leis a ghníomhaíochtaí a dhéanamh san áit sin, agus a ndéanann an fostóir sin é a sheoladh chuig Ballstát eile chun obair a dhéanamh thar ceann an fhostóra sin, leanfaidh an duine sin de bheith faoi réir reachtaíocht an chéad Bhallstáit, ar choinníoll nach sáróidh ré réamh-mheasta na hoibre sin 24 mhí agus nach mbeidh an duine sin á chur in ionad duine fostaithe eile a seoladh roimhe sin, agus a chumhdaítear faoin mír seo, nó in ionad duine féinfhostaithe a chumhdaítear faoi mhír 2.

2. Duine a ghabhann de ghnáth do ghníomhaíocht mar dhuine féinfhostaithe i mBallstát amháin agus a rachaidh go Ballstát eile chun gníomhaíocht chomhchosúil a dhéanamh, leanfaidh an duine sin de bheith faoi réir reachtaíocht an chéad Bhallstáit, ar choinníoll nach faide ná 24 mhí a mheastar a mhairfidh an obair sin agus nach bhfuil an duine sin á chur in ionad duine fostaithe a seoladh roimhe sin agus a chumhdaítear faoi mhír 1 nó in ionad duine féinfhostaithe a chumhdaítear faoin mír seo.

2a. Maidir le duine fostaithe a chumhdaítear faoi mhír 1 nó duine féinfhostaithe a chumhdaítear faoi mhír 2, i gcás nach gcríochnaíonn an duine sin an obair nó an ghníomhaíocht agus go gcuirtear duine eile ina ionad, leanfaidh an duine eile sin de bheith faoi réir reachtaíocht an Bhallstáit as ar seoladh é nó ar ann is gnách leis gníomhú mar dhuine féinfhostaithe, ar choinníoll nach faide ná 24 mhí a mhairfidh an obair nó an ghníomhaíocht a dhéanfaidh na daoine sin go léir lena mbaineann sa dara Ballstát agus go gcomhlíontar na coinníollacha eile a leagtar síos i mír 1 nó i mír 2.

## Airteagal 72

## Cúraimí an Choimisiúin Riaracháin

(ea) tuairimí a sholáthar don Choimisiún Eorpach maidir leis na dréachtghníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 76a sula nglactar iad i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear san Airteagal sin, agus aon tograí is iomchuí a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh chun na gníomhartha cur chun feidhme sin a athbhreithniú;

## Airteagal 75a[1]

## Oibleagáidí na n-údarás inniúil

1. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go mbeidh a n-institiúidí ar an eolas faoi, agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm, na forálacha uile, bídís reachtach nó eile, lena n-áirítear cinntí an Choimisiúin Riaracháin, sna réimsí a chumhdaítear leis an mbun-Rialachán agus leis an Rialachán cur chun feidhme agus de réir théarmaí na Rialachán sin.

2. D'fhonn a áirithiú go gcinnfear i gceart cén reachtaíocht is infheidhme, déanfaidh na húdaráis inniúla i gcás inarb iomchuí, comhoibriú idir a n-institiúidí agus comhlachtaí ábhartha eile a chur chun cinn, amhail cigireachtaí saothair, ina mBallstáit féin.

## Airteagal 76a

## An chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an nós imeachta, lena n-áirítear teorainneacha ama i gcás inarb iomchuí, a shonrú a bheidh le leanúint d'fhonn a áirithiú go ndéanfar Airteagal 12 agus Airteagal 13 den Rialachán seo a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach. Leis na gníomhartha cur chun feidhme sin, déanfar nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú maidir leis an méid seo a leanas:

---

[1] Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an fhoráil seo á cur faoi Ilghnéitheacha, mar a mhol an Coimisiún ina thogra.

– eisiúint, formáid agus inneachar doiciméid iniompartha lena ndeimhneofar an reachtaíocht slándála sóisialta is infheidhme maidir leis an sealbhóir,

– na heilimintí sin nach mór a fhíorú sular féidir an doiciméad a eisiúint, a tharraingt siar nó a cheartú,

– tarraingt siar nó ceartú an doiciméid ag an institiúid eisiúna i gcomhréir le hAirteagal 5 agus le hAirteagal 19a den Rialachán cur chun feidhme.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 76b(2) den Rialachán seo.

**Airteagal 76b**
**An nós imeachta scrúdúcháin**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

**Rialachán 987/2009**

## Airteagal 1
## Sainmhínithe

2(ea) ciallaíonn 'calaois' aon ghníomh intinneach nó aon neamhghníomh intinneach arb é is aidhm dó sochair slándála sóisialta a fháil nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta a sheachaint, de shárú ar dhlí an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, nó de shárú ar an mbun-Rialachán, nó ar an Rialachán seo;

## Airteagal 5
## Luach dlíthiúil doiciméad agus fianaise thacaíochta arna heisiúint i mBallstát eile

1. Doiciméid a d'eisigh institiúid Ballstáit agus ina dtaispeántar staid an duine chun críocha chur i bhfeidhm an bhun-Rialacháin agus an Rialacháin cur chun feidhme, agus fianaise thacaíochta ar eisíodh na doiciméid ar a bonn, glacfaidh institiúidí na mBallstát eile leo fad nach ndearna an Ballstát inar eisíodh iad iad a tharraingt siar, nó a dhearbhú go bhfuil siad neamhbhailí.

1a. I gcás ina bhfuil cuid de na codanna atá marcáilte mar chodanna éigeantacha gan líonadh isteach, tabharfaidh institiúid an Bhallstáit a fhaigheann an doiciméad fógra don institiúid eisiúna gan mhoill faoin bhfabht atá sa doiciméad. Déanfaidh an institiúid eisiúna an doiciméad a cheartú a luaithe is féidir nó deimhneoidh sí nach gcomhlíontar na coinníollacha faoina n-eisítear an doiciméad. Mura gcuirtear an fhaisnéis éigeantach ar fad ar fáil laistigh de 30 lá oibre, féadfaidh an institiúid iarrthach leanúint ar aghaidh amhail is nár eisíodh an doiciméad riamh agus, sa chás sin, cuirfear an institiúid eisiúna ar an eolas faoin méid sin.[2]

---

2 *D'fhéadfadh clásal trasdula a bheith ag teastáil ag céim níos déanaí maidir le bailíocht an doiciméid arna eisiúint roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo.*

2. Gan dochar d'Airteagal 19a, i gcás ina mbeidh amhras faoi bhailíocht doiciméid nó faoi chruinneas na bhfíoras ar a bhfuil an doiciméad bunaithe, iarrfaidh institiúid an Bhallstáit a fuair an doiciméad an soiléiriú is gá ar an institiúid eisiúna agus, i gcás inarb iomchuí, iarrfaidh sí go dtarraingeofaí siar nó go gceartófaí an doiciméad sin. Déanfaidh an institiúid eisiúna athbhreithniú ar na forais faoinar eisíodh an doiciméad agus, más gá, déanfaidh sí é a tharraingt siar nó a cheartú.

3. I gcás ina mbeidh amhras faoin bhfaisnéis a thug an duine nó na daoine lena mbaineann faoi bhailíocht doiciméid nó fianaise tacaíochta, nó faoi chruinneas na bhfíoras ar a bhfuil an doiciméad bunaithe, déanfaidh aon institiúid lena mbaineann, a mhéid is féidir, arna iarraidh sin don institiúid inniúil, an fíorú is gá ar an bhfaisnéis nó ar an doiciméad.

4. I gcás nach dtiocfar ar chomhaontú idir na hinstitiúidí lena mbaineann, féadfaidh na húdaráis inniúla an t-ábhar a thabhairt os comhair an Choimisiúin Riaracháin tráth nach luaithe ná aon mhí amháin tar éis an dáta ar chuir an institiúid a fuair an doiciméad a hiarraidh isteach. Déanfaidh an Coimisiún Riaracháin iarracht réiteach a bhaint amach idir na dearcaí éagsúla laistigh de shé mhí ón dáta ar tugadh an t-ábhar os a chomhair. Ar an dóigh sin agus i gcomhréir le hAirteagal 72(a) den bhun-Rialachán, féadfaidh an Coimisiún Riaracháin cinneadh a ghlacadh maidir le léiriú na bhforálacha ábhartha atá sa bhun-Rialachán agus sa Rialachán seo. Déanfaidh na húdaráis inniúla agus na hinstitúidí lena mbaineann na bearta is gá chun an cinneadh sin ón gCoimisiún Riaracháin a chur i bhfeidhm, gan dochar do cheart na n-údarás, na n-institiúidí agus na ndaoine lena mbaineann dul i muinín na nósanna imeachta agus na gcúirteanna nó na mbinsí dá bhforáiltear le reachtaíocht na mBallstát, leis an Rialachán seo nó leis an gConradh.

**Airteagal 14**

**Sonraí a bhaineann le hAirteagal 12 agus le hAirteagal 13 den bhun-Rialachán**

1. Chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 12(1) den bhun-Rialachán, cuimseoidh 'duine a ghabhfaidh do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe i mBallstát thar ceann fostóir ar gnách leis a ghníomhaíochtaí a dhéanamh san áit sin, agus a ndéanann an fostóir sin é a sheoladh chuig Ballstát eile', cuimseoidh sin duine a earcaítear d'fhonn é a sheoladh chuig Ballstát eile, ar chuntar go bhfuil an duine lena mbaineann, ar feadh tréimhse nach lú ná trí mhí díreach roimh thosach a chuid fostaíochta, faoi réir reachtaíocht an Bhallstáit ina bhfuil a fhostóir bunaithe.

1a. A luaithe a sheoltar duine i gcomhréir le hAirteagal 12(1) den bhun-Rialachán nó atá duine ag gabháil do ghníomhaíocht mar dhuine féinfhostaithe i mBallstát eile i gcomhréir le hAirteagal 12(2) den bhun-Rialachán ar feadh 24 mhí ar fad, ar tréimhse gan bhriseadh nó tréimhse ina raibh briseadh nárbh fhaide ná dhá mhí í, ní fhéadfar tús a chur le tréimhse nua faoi Airteagal 12(1) ná faoi Airteagal 12(2) don duine fostaithe céanna ná don duine féinfhostaithe céanna ná don Bhallstát céanna go dtí go mbeidh dhá mhí ar a laghad caite ó dheireadh na tréimhse roimhe sin.

5a. Chun críocha Teideal II den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, tagróidh 'oifig chláraithe nó áit ghnó' don oifig chláraithe nó don áit ghnó ina ndéantar cinntí bunriachtanacha an ghnóthais agus ina gcuirtear feidhmeanna a riaracháin lárnaigh i gcrích. Agus an suíomh ina bhfuil an oifig chláraithe nó an áit ghnó á cinneadh, ní mór sraith tosca a chur san áireamh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) áit chónaithe na bpríomhstiúrthóirí,

(ii) na háiteanna a dtionóltar na cruinnithe ginearálta,

(iii) an áit a gcoimeádtar doiciméid riaracháin agus doiciméid chuntasaíochta,

(iv) an áit a mbíonn idirbhearta airgeadais agus, go háirithe, idirbhearta baincéireachta den chuid is mó,

(v) an láimhdeachas, uaireanta oibre, líon na seirbhísí arna dtabhairt agus/nó an t-ioncam,

(vi) cineál na gníomhaíochta a ngabhtar di.

Déanfar an cinneadh a chur i gcrích faoi chuimsiú measúnú foriomlán, agus béim chuí á cur ar gach ceann de na critéir a luaitear thuas. Déanfaidh an Coimisiún Riaracháin socruithe mionsonraithe a leagan síos maidir leis an méid sin a chinneadh.

12. Chun críocha Airteagal 13 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, maidir le duine atá ina chónaí lasmuigh de chríoch an Aontais agus a ghabhann dá ghníomhaíochtaí mar dhuine fostaithe nó mar dhuine féinfhostaithe in dhá Bhallstát nó níos mó, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an mbun-Rialachán agus ag an Rialachán cur chun feidhme maidir leis an reachtaíocht is infheidhme a chinneadh, ar choinníoll go measfar gur sa Bhallstát ina ngabhann an duine sin den chuid is mó dá ghníomhaíochta, ó thaobh am oibre laistigh de chríoch an Aontais de, a chinnfear áit chónaithe an duine sin.

**Airteagal 15**

**Nósanna imeachta maidir le hAirteagal 11(3)(b) agus (d), Airteagal 11(4), Airteagal 11(5) agus Airteagal 12 den bhun-Rialachán (maidir le faisnéis a chur ar fáil do na hinstitiúidí lena mbaineann) a chur i bhfeidhm**

2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 1 maidir le daoine a chumhdaítear le hAirteagal 11(3)(d) agus le hAirteagal 11(5) den bhun-Rialachán.

**Airteagal 16**

**Nós imeachta maidir le hAirteagal 13 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm**

1. Duine a ghabhann do ghníomhaíochtaí in dhá Bhallstát nó níos mó, cuirfidh sé institiúid ainmnithe an Bhallstáit chónaithe ar an eolas maidir leis an méid sin. Féadfaidh an fostóir freisin an fhaisnéis sin a chur ar fáil thar ceann an duine.

2. Cinnfidh institiúid ainmnithe na háite cónaithe, gan mhoill, an reachtaíocht is infheidhme maidir leis an duine lena mbaineann, ag féachaint d'Airteagal 13 den bhun-Rialachán agus d'Airteagal 14 den Rialachán cur chun feidhme. Má chinneann an institiúid sin go bhfuil feidhm ag reachtaíocht an Bhallstáit ina bhfuil an institiúid lonnaithe, cuirfidh sí ar an eolas institiúid ainmnithe gach Ballstáit ina ngabhtar do ghníomhaíocht agus/nó ina bhfuil an fostóir suite faoina cinneadh maidir leis an reachtaíocht is infheidhme.

3. Má chinneann institiúid ainmnithe na háite cónaithe go bhfuil feidhm ag reachtaíocht Ballstáit éigin eile, cinneadh sealadach a bheidh sa chinneadh sin, agus cuirfidh an institiúid sin ar an eolas gan mhoill institiúid ainmnithe gach Ballstáit ina bhfuil gníomhaíocht ar siúl agus/nó ina bhfuil an fostóir suite faoin gcinneadh sealadach sin maidir leis an reachtaíocht is infheidhme. Déanfar cinneadh cinntitheach den chinneadh sealadach sin dhá mhí tar éis d'institiúidí ainmnithe na n-údarás inniúil sna Ballstáit lena mbaineann eolas a fháil ina thaobh, murab é go gcuireann ceann amháin, ar a laghad, de na hinstitiúidí sin ar an eolas institiúid ainmnithe na háite cónaithe tráth nach déanaí ná dhá mhí, á rá nach dtig léi fós glacadh leis an gcinneadh sealadach nó nach bhfuil sí ar aon fhocal ina thaobh.

5. Cuirfidh institiúid inniúil an Bhallstáit arb í reachtaíocht an Bhallstáit sin a cinneadh a bheith infheidhme, go sealadach nó go deifinídeach, an duine lena mbaineann mar aon le fostóir an duine sin ar an eolas gan mhoill maidir leis an gcinneadh.

**Airteagal 19**

**Faisnéis a sholáthar do na daoine lena mbaineann agus d'fhostóirí**

3. Aon uair a iarrfar ar institiúid an fianú dá dtagraítear thuas a eisiúint, déanfaidh sí measúnú ceart ar na fíorais is ábhartha do chur i bhfeidhm na rialacha atá leagtha amach i dTeideal II den bhun-Rialachán agus deimhneoidh sí gur slán don fhaisnéis atá san fhianú.

**Airteagal 19a**

**Comhar i gcás amhras faoi bhailíocht na ndoiciméad eisithe sin a bhaineann leis an reachtaíocht is infheidhme**

1. I gcás ina mbeidh amhras faoi bhailíocht doiciméid ina dtaispeántar staid an duine chun críocha na reachtaíochta is infheidhme nó amhras faoi chruinneas na bhfíoras ar a bhfuil an doiciméad bunaithe, iarrfaidh institiúid an Bhallstáit sin a fuair an doiciméad ar an institiúid eisiúna pé soiléiriú is gá a thabhairt agus, i gcás inarb iomchuí, iarrfaidh sí go dtarraingeofaí siar nó go gceartófaí an doiciméad sin. Tabharfaidh an institiúid iarrthach bunús na hiarrata agus cuirfidh sí ar fáil pé doiciméadacht tacaíochta ábhartha ba chúis leis an iarraidh.

2. Ar iarraidh den saghas sin a fháil di, athbhreithneoidh an institiúid eisiúna na forais faoinar eisíodh an doiciméad agus, i gcás ina n-aimseofar earráid, tarraingeoidh sí siar an doiciméad nó ceartóidh sí é laistigh de 30 lá oibre tar éis di an iarraidh a fháil. Beidh éifeacht aisghníomhach ag an tarraingt siar nó ag an gceartú. Mar sin féin, i gcásanna ina bhfuil baol go mbeidh toradh díréireach ann agus go háirithe, baol go gcaillfear an stádas mar dhuine árachaithe don tréimhse ábhartha iomlán nó do chuid di i ngach Ballstát lena mbaineann, déanfaidh na Ballstáit a machnamh ar Airteagal 16den Rialachán bunaidh a chur i bhfeidhm. I gcás ina measann an institiúid a d'eisigh an doiciméad, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, nach bhfuil aon amhras ach go ndearna iarratasóir an doiciméid calaois, tarraingeoidh sí siar nó ceartóidh sí gan mhoill agus le héifeacht aisghníomhach é.

3. Más amhlaidh, tar éis athbhreithniú a dhéanamh di ar na forais faoinar eisíodh an doiciméad, nach féidir leis an institiúid eisiúna aon earráid a bhrath, cuirfidh sí ar aghaidh chuig an institiúid iarrthach an fhianaise uile a bheidh ar fáil, laistigh de 30 lá oibre tar éis an iarraidh a fháil di. I gcás práinne, agus i gcás ina luaitear go soiléir cúis agus bunús na práinne san iarraidh, is laistigh de dheich lá oibre tar éis an iarraidh a fháil a dhéanfar sin, bíodh is go dtarlódh nach mbeadh ceann curtha ag an institiúid lena plé de bhun mhír 2 thuas.

4. I gcás ina bhfuil amhras i gcónaí ar an institiúid iarrthach, tar éis di an fhianaise atá ar fáil a fháil, faoi bhailíocht an doiciméid nó faoi chruinneas na bhfíoras ar a bhfuil sé bunaithe, agus go measann sí nach bhfuil an fhaisnéis ar eisíodh an doiciméad ar a bonn ceart, féadfaidh sí fianaise a chur isteach ina leith sin agus iarraidh eile ar shoiléiriú a dhéanamh agus, i gcás inarb iomchuí, iarraidh ar an institiúid eisiúna an doiciméad a tharraingt siar nó a cheartú i gcomhréir leis an nós imeachta agus leis na hamchláir a leagtar amach thuas.

5. I gcás ina mbíonn amhras fós ar an institiúid a fuair agus nach dtagtar ar chomhaontú idir na hinstitiúidí lena mbaineann, bíonn feidhm dá réir ag Airteagal 5(4).

**Airteagal 73**[3]

**Socrú sochar in airgead nó i gcomhchineál agus ranníocaíochtaí a tugadh nó a íocadh go míchuí i gcás deonú sealadach sochar nó athrú aisghníomhach ar an reachtaíocht is infheidhme**

---

[3] Chinn an SQWP an díospóireacht maidir le Airteagal 73 a chur siar nó go mbeifí ag plé TEIDEAL IV den Rialachán cur chun feidhme.